2024/2652

11.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2652 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann le bainistiú taraif-chuótaí áirithe san earnáil ríse, coigeartú na dtaraif-chuótaí ar onnmhairiú cáise le haghaidh na Stát Aontaithe agus nuashonrú ar na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh dheimhnithe IMA1 maidir le hallmhairiú táirgí déiríochta ón Nua-Shéalainn

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na rialacha maidir le riar na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin.

(2) Maidir le taraif-chuótaí ríse dar sraithuimhir 09.4112, 09.4117, 09.4118, 09.4119, 09.4130, 09.4154, 09.4166 agus 09.4168 mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, tá ró-éileamh orthu i gcás roinnt tréimhsí leithdháilte.

(3) Chun bainistiú cuí na dtaraif-chuótaí sin a áirithiú, ba cheart na huaschainníochtaí atá ar fáil le cur i bhfeidhm ar na taraif-chuótaí sin a leagan amach i bhfoirm cainníocht tagartha, mar a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún ([3]). Dá bhrí sin, is gá táblaí na dtaraif-chuótaí sin in Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, leagtar síos na rialacha sonracha lena rialaítear an taraif-chuóta chun cáis a onnmhairiú chuig na Stáit Aontaithe. Tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas, rinneadh cainníocht an chuóta sin a chionroinnt idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Sa chleachtadh sin, d'fhág éagsúlacht sa ríomh go raibh neamhréireacht idir an chainníocht a leithdháil na Stáit Aontaithe ar an Aontas agus an chainníocht a léirítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIV.5 a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a choigeartú dá réir.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus taraif-chuótaí á riar (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/760/oj).

(5) Ní mór deimhnithe IMA1 bailí a bheith ag gabháil le hallmhairí táirgí déiríochta ón Nua-Shéalainn faoi tharaif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4516, 09.4523, 09.4524 agus 09.4525. Ba cheart teimpléid na ndeimhnithe sin a choigeartú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/608 ón gCoimisiún ([4]), Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1173 ón gCoimisiún ([5]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1178 ón gCoimisiún ([6]). Cé nach gá an teimpléad le haghaidh na dtaraif-chuótaí 09.4521 agus 09.4522 i ndáil le cáis a allmhairítear ón Astráil a mhodhnú, ba cheart na teimpléid a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.5 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 i ndáil le hallmhairiú ón Nua-Shéalainn faoi tharaif-chuótaí 09.4516 (cáis) agus 09.4523, 09.4524 agus 09.4525 (im) a choigeartú dá réir sin.

(6) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú dá réir sin.

(7) Chun a áirithiú nach gcuirfidh na modhnuithe ar theimpléid dheimhnithe IMA1 isteach ar ghníomhaíochtaí trádála, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le hidirthréimhse inar féidir glacadh le deimhnithe sa tseanfhormáid agus san fhormáid nua araon.

(8) Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas cainníochta tagartha maidir le taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4112, 09.4117, 09.4118, 09.4119, 09.4130, 09.4154, 09.4166, agus 09.4168 tar éis idirthréimhse a bheadh leordhóthanach chun gur féidir le hoibreoirí a ngnó a oiriúnú do na rialacha nua. Ós rud é go ríomhtar an chainníocht tagartha ar bhonn na n-allmhairí arna ndéanamh ag gach oibreoir sa dá thréimhse 12 mhí roimh chur isteach an iarratais ar cheadúnas, meastar go bhfuil sé réasúnta an chainníocht tagartha a chur i bhfeidhm ón 23 Samhain 2026 amháin, arb é an chéad lá é a bheidh oibreoirí in ann iarratais a chur isteach – mar aon le cruthúnas ar a gcainníocht tagartha – ar cheadúnais a bheidh bailí don tréimhse taraif-chuóta dar tús an 1 Eanáir 2027.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) in Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tarraingeofar suas deimhnithe IMA 1 i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.5, Cuid A, pointe A2.';

(2) in Airteagal 50, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tarraingeofar suas deimhnithe IMA 1 i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.5, Cuid A, pointe A3.';

(3) Leasaítear Iarscríbhinní I, III agus XIV.5 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ar feadh idirthréimhse, go dtí an 30 Meitheamh 2025, féadfaidh údaráis chustaim glacadh le deimhnithe IMA1 bunaithe ar theimpléid a úsáideadh roimh an nuashonrú a leagtar amach i bpointe (3)(a) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/608 ón gCoimisiún an 17 Márta 2023 lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta roinnt taraif-chuótaí tar éis an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 80, 20.3.2023, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/608/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1173 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le roinnt forálacha i ndiaidh an chomhaontaithe saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn agus forálacha atá imithe i léig a scriosadh a mhéid a bhaineann le taraif-chuóta onnmhairiúcháin le haghaidh púdar bainne (IO L, 2024/1173, 24.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1173/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1178 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí áirithe a chruthú, a mhodhnú agus a bhainistiú tar éis an chomhaontaithe saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L, 2024/1178, 24.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1178/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (1) agus (2) den Iarscríbhinn ón 23 Samhain 2026 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, III agus XIV.5 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró lena mbaineann an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4112:

‘09.4112	Rís	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin		Níl’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna lena mbaineann na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4117, 09.4118 agus 09.4119:

‘09.4117	Rís	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin		Níl
09.4118	Rís	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin		Níl
09.4119	Rís	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin		Níl’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró lena mbaineann an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4130:

‘09.4130	Rís	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin		Níl’

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna lena mbaineann na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4154, 09.4166 agus 09.4168:

‘09.4154	Rís	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin		Níl
09.4166	Rís	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin		Níl
09.4168	Rís	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin		Níl’

(2) in Iarscríbhinn III, leasaítear mar a leanas na táblaí ina dtagraítear do na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4112, 09.4117, 09.4118, 09.4119, 09.4130, 09.4154, 09.4166 agus 09.4168:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cruthúnas ar thrádáil’:

‘**Cruthúnas ar thrádáil**	Tá. Níl cruthúnas ar thrádáil ag teastáil ach i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin. 25 thona’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cainníocht tagartha’:

‘**Cainníocht tagartha**	Tá’

(3) Leasaítear Iarscríbhinn XIV.5 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid A:

‘**CUID A. CUÓTAÍ ALLMHAIRIÚCHÁIN LE DEIMHNITHE IMA 1**

A1 — **TEIMPLÉAD DE DHEIMHNIÚ IMA 1 LE hAGHAIDH TARAIF-CHUÓTAÍ DAR SRAITHUIMHIR 09.4521 AGUS 09.4522**

1. Díoltóir	2. Sraithuimhir eisiúna	**BUNCHÓIP**
3. Ceannaitheoir	DEIMHNIÚ maidir le hiontráil táirgí áirithe bainne faoi cheannteidil nó faoi fho-cheannteidil áirithe den Ainmníocht Chomhcheangailte	
4. Uimhir agus dáta an tsonraisc	5. Tír thionscnaimh	6. Ballstát cinn scríbe

TÁBHACHTACH A. Ní mór deimhniú ar leith a tharraingt suas i gcás gach cineál cur i láthair le haghaidh gach táirge. B. Ní mór an deimhniú a bheith i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais. Féadfaidh aistriúchán go teanga oifigiúil na tíre is onnmhaireoir nó go teanga oifigiúil amháin de chuid na tíre is onnmhaireoir a bheith ann freisin. C. Ní mór an deimhniú a tharraingt suas i gcomhréir le forálacha an Aontais atá i bhfeidhm. D. Bunchóip den deimhniú, agus i gcás inarb iomchuí, cóip den deimhniú, ní mór na nithe sin a chur faoi bhráid na hoifige custaim san Aontas nuair atá an táirge á scaoileadh i saorchúrsaíocht.		
7. Marcanna, uimhreacha, cainníocht agus cineál na bpacáistí: tuairisc mhionsonraithe ar an táirge agus sonraí maidir lena chineál cur i láthair.	8. Ollmheáchan (kg)	9. Glanmheáchan (kg)
10. Amhábhar a úsáidtear		
11. Cion saille de réir meáchain (%), in ábhar tirim ([1])		
13. Cion saille, de réir meáchain (%) ([1])		
14. Tréimhse aibithe ([1])		
16. Barúlacha: (a) taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4… (b) beartaithe lena phróiseáil ([2])		
17. DEIMHNÍTEAR LEIS SEO: go bhfuil na sonraí a leagtar amach thuas cruinn agus go gcomhlíonann siad forálacha an Aontais atá i bhfeidhm.		
18. Comhlacht eisiúna	Áit Bliain Mí Lá (Síniú agus stampa an chomhlachta eisiúna)	
([1]) I gcás taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4521 agus sa chás sin amháin. ([2]) Scrios de réir mar is iomchuí.		

A2 — **TEIMPLÉAD DE DHEIMHNIÚ IMA 1 LE hAGHAIDH TARAIF-CHUÓTA DAR SRAITHUIMHIR 09.4516**

1. Díoltóir	2. Sraithuimhir eisiúna	**BUNCHÓIP**
DEIMHNIÚ maidir le cáis agus gruth a theacht isteach		
4. Uimhir agus dáta an tsonraisc	5. Tír thionscnaimh AN NUA-SHÉALAINN	
TÁBHACHTACH A. Déanfar deimhniú ar leith a tharraingt suas i gcás gach cineál cur i láthair le haghaidh gach táirge. B. Beidh an deimhniú i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais. Féadfaidh aistriúchán go teanga oifigiúil na tíre is onnmhaireoir nó go teanga oifigiúil amháin de chuid na tíre is onnmhaireoir a bheith ann freisin. C. Déanfar an deimhniú a tharraingt suas i gcomhréir le forálacha an Aontais atá i bhfeidhm. D. Bunchóip den deimhniú, agus i gcás inarb iomchuí, cóip den deimhniú, in éineacht leis an gceadúnas allmhairiúcháin a ghabhann leis agus dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, déanfar na nithe sin a chur faoi bhráid na hoifige custaim san Aontas nuair atá an táirge á chur i saorchúrsaíocht.		

7. Marcanna, uimhreacha, cainníocht agus cineál na bpacáistí: tuairisc mhionsonraithe ar an táirge agus sonraí maidir lena chineál cur i láthair.	8. Ollmheáchan (kg)	9. Glanmheáchan (kg)
10. Amhábhar a úsáidtear Bainne bó a tháirgtear go heisiach sa bhaile		
16. Barúlacha: Taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4516 don bhliain 20..		
17. DEIMHNÍTEAR LEIS SEO go bhfuil na sonraí a leagtar amach thuas cruinn agus go gcomhlíonann siad forálacha an Aontais atá i bhfeidhm.		
18. Comhlacht eisiúna	Áit Bliain Mí Lá (Síniú agus stampa an chomhlachta eisiúna)	

A3 — **TEIMPLÉAD DE DHEIMHNIÚ IMA 1 LE hAGHAIDH TARAIF-CHUÓTAÍ DAR SRAITHUIMHIR 09.4523, 09.4524 AGUS 09.4525**

1. Díoltóir	2. Sraithuimhir eisiúna	**BUNCHÓIP**
DEIMHNIÚ maidir le him ón Nua-Shéalainn a theacht isteach faoi réir an taraif-chuóta dá dtagraítear faoi shraithuimhreacha cuóta 09.4523, 09.4524 agus 09.4525		
4. Uimhir agus dáta an tsonraisc	5. Tír thionscnaimh an Nua-Shéalainn	
TÁBHACHTACH A. Déanfar deimhniú ar leith a tharraingt suas i gcás gach cineál cur i láthair le haghaidh gach táirge. B. Beidh an deimhniú i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais. Féadfaidh aistriúchán go teanga oifigiúil na tíre is onnmhaireoir nó go teanga oifigiúil amháin de chuid na tíre is onnmhaireoir a bheith ann freisin. C. Déanfar an deimhniú a tharraingt suas i gcomhréir le forálacha an Aontais atá i bhfeidhm. D. Bunchóip den deimhniú, agus i gcás inarb iomchuí, cóip den deimhniú, in éineacht leis an gceadúnas allmhairiúcháin a ghabhann leis agus dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, ní mór na nithe sin a chur faoi bhráid na hoifige custaim san Aontas nuair atá an táirge á scaoileadh i saorchúrsaíocht.		

7. Marcanna, uimhreacha, cainníocht agus cineál na bpacáistíochtaí, tuairisc mhionsonraithe agus sonraí maidir lena chineál cur i láthair.	8. Ollmheáchan (kg)	9. Glanmheáchan (kg)
10. Amhábhar a úsáidtear Ó bhainne nó ó uachtar		
16. Barúlacha: Taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4523/09.4524/09.4525 (scrios de réir mar is iomchuí) Cuóta ime na Nua-Shéalainne don bhliain 20.. i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761		
17. DEIMHNÍTEAR LEIS SEO go bhfuil na sonraí a leagtar amach thuas cruinn agus go gcomhlíonann siad forálacha an Aontais atá i bhfeidhm.		

18. Comhlacht eisiúna	Áit: Bliain Mí Lá (Síniú agus stampa an chomhlachta eisiúna)

A4 — **RIALACHA MAIDIR LE COMHLÁNÚ AGUS FÍORÚ DHEIMHNITHE IMA 1 ARNA nEISIÚINT LE hAGHAIDH TARAIF-CHUÓTAÍ DAR SRAITHUIMHIR 09.4523, 09.4524 AGUS 09.4525 – IM ÓN NUA-SHÉALAINN**

Deimhniú IMA 1 a líonadh isteach agus a fhíorú

Cumhdóidh deimhniú IMA 1 im a mhonaraítear de réir sonraíochta ceannaithe táirge amháin i ngléasra amháin.

Ní mheasfar deimhniú IMA 1 a bheith líonta isteach agus fíordheimhnithe go cuí ag comhlacht eisiúna a liostaítear i gCuid A6, ach amháin má tá an fhaisnéis uile seo a leanas ann:

(a) i mbosca 1, ainm agus seoladh an díoltóra;

(b) i mbosca 2, an tsraithuimhir eisiúna lena sainaithnítear an tír thionscnaimh, na socruithe allmhairiúcháin, an táirge, an chuótabhliain agus uimhir an deimhnithe aonair, a thosóidh arís óna haon gach bhliain;

(c) i mbosca 4, uimhir agus dáta an tsonraisc;

(d) i mbosca 8, an t-ollmheáchan i gcileagraim;

(e) i mbosca 9, an glanmheáchan iomlán i gcileagraim;

(f) i mbosca 10: 'Ó bhainne nó ó uachtar';

(g) i mbosca 16: 'Taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4523/09.4524/09.4525 (scrios de réir mar is iomchuí)

Cuóta ime na Nua-Shéalainne don bhliain 20.. i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761';

(h) i mbosca 17, síniú agus stampa an chomhlachta eisiúna;

(i) i mbosca 18, seoladh beacht agus sonraí teagmhála an chomhlachta eisiúna.

A5 — **SAINMHÍNITHE AGUS IMTHOSCA FAOINA bhFÉADFAR DEIMHNIÚ IMA 1 NÓ CUID DE DHEIMHNIÚ IMA 1 A CHEALÚ, A LEASÚ, A IONADÚ NÓ A CHEARTÚ – LE hAGHAIDH GACH DEIMHNIÚ IMA-1**

Sainmhíniú

Chun críocha Chuid A seo, ciallaíonn 'luchtóg' cainníocht táirgí déiríochta a chumhdaítear le deimhniú IMA 1 a chuirtear faoi bhráid an údaráis custaim inniúil le haghaidh teacht isteach i saorchúrsaíocht.

Deimhniú IMA 1 a chur ar ceal nuair atá dleacht iomlán dlite agus íoctha as neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le comhdhéanamh

I gcás ina n-íoctar dleacht iomlán ar luchtóg toisc nach gcomhlíontar an ceanglas maidir le cion saille uasta, féadfar an deimhniú IMA 1 lena ngabhann a chur ar ceal agus féadfaidh comhlacht eisiúna IMA 1 na cainníochtaí lena mbaineann a chur leo siúd a bhféadfar deimhnithe IMA 1 a eisiúint ina leith le haghaidh na cuótabhliana céanna.

Táirge a scriosadh nó a rinneadh mí-oiriúnach lena dhíol

Féadfaidh comhlachtaí eisiúna IMA 1 deimhniú IMA 1 nó cuid de a chealú le haghaidh cainníochta a chumhdaítear leis agus a scriostar nó a dhéantar mí-oiriúnach lena díol i gcúinsí nach bhfuil neart ag an onnmhaireoir orthu. I gcás ina ndéanfar cuid den chainníocht a chumhdaítear le deimhniú IMA 1 a dhíothú nó a fhágáil mí-oiriúnach lena díol, féadfar deimhniú athsholáthair a eisiúint i leith na cainníochta atá fágtha. Ní bheidh an deimhniú athsholáthair bailí ach go dtí an dáta céanna leis an deimhniú bunaidh. Sa chás sin, i mbosca 17 den deimhniú athsholáthair IMA 1 beidh na focail 'bailí suas go dtí 00.00.0000'.

I gcás ina scriostar an chainníocht iomlán nó cuid den chainníocht a chumhdaítear le deimhniú IMA 1 nó i gcás ina ndéantar mí-oiriúnach lena ndíol í de bharr imthosca nach bhfuil neart ag na honnmhaireoirí orthu, féadfaidh comhlacht eisiúna IMA 1 na cainníochtaí sin a chur leo siúd a bhféadfar deimhnithe IMA 1 a eisiúint ina leith le haghaidh na cuótabhliana céanna.

Athrú ar an mBallstát cinn scríbe

I gcás ina bhfuil sé d'oibleagáid ar an onnmhaireoir athrú a dhéanamh ar an mBallstát cinn scríbe a shonraítear ar dheimhniú IMA 1 sula n-eiseofar ceadúnas allmhairiúcháin lena ngabhann, féadfaidh comhlacht eisiúna IMA 1 an deimhniú IMA 1 bunaidh a leasú. Deimhniú IMA 1 bunaidh leasaithe den sórt sin, arna fhíordheimhniú go hiomchuí agus arna shainaithint go hiomchuí ag an gcomhlacht eisiúna, féadfar é a chur faoi bhráid an údaráis ceadúnúcháin agus na n-údarás custaim.

Earráid chléireachais nó earráid theicniúil

I gcás ina n-aimsítear earráid chléireachais nó earráid theicniúil ar dheimhniú IMA 1 sula n-eiseofar ceadúnas allmhairiúcháin lena ngabhann, féadfaidh comhlacht eisiúna IMA 1 an deimhniú IMA 1 bunaidh a leasú. Féadfar deimhniú IMA 1 bunaidh ceartaithe den sórt sin a chur faoi bhráid an údaráis ceadúnúcháin agus na n-údarás custaim.

Imthosca eisceachtúla nuair nach mbeidh fáil ar tháirge a bheartaítear a allmhairiú i mbliain ar leith

Más rud é, in imthosca eisceachtúla nach bhfuil neart ag an onnmhaireoir orthu, nach mbeidh fáil ar tháirge a bheartaítear a allmhairiú i mbliain ar leith agus gurb é an t-aon mhodh amháin chun an cuóta a líonadh, i bhfianaise an ghnáth-ama loingseoireachta ón tír thionscnaimh, táirge a bhí beartaithe i dtosach lena allmhairiú an bhliain dár gcionn a chur ina ionad, féadfaidh an comhlacht eisiúna deimhniú nua IMA 1 a eisiúint i leith na cainníochta athsholáthair, idir an séú agus an deichiú lá féilire tar éis fógra cuí a thabhairt don Choimisiún faoi shonraí an deimhnithe IMA 1 nó cuid de atá le cealú le haghaidh na bliana lena mbaineann agus faoin gcéad deimhniú IMA 1 nó cuid de a eisíodh i leith na bliana ina dhiaidh sin atá le cur ar ceal.

Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir le himthosca an cháis lena mbaineann, féadfaidh sé agóid a dhéanamh laistigh de sheacht lá féilire, agus an chúis atá leis an agóid a chur in iúl. I gcás inar mó an chainníocht atá le hionadú ná an chainníocht a chumhdaítear leis an gcéad deimhniú IMA 1 arna eisiúint i leith na bliana dár gcionn, féadfar an chainníocht is gá a fháil trí dheimhnithe IMA 1 breise a chur ar ceal, i seicheamh, nó i gcuid díobh de réir mar is gá.

Gach cainníocht ar cuireadh deimhnithe IMA 1 nó cuid de dheimhnithe IMA 1 ar ceal ina leith le haghaidh na bliana lena mbaineann, cuirfear iad leis na cainníochtaí ar féidir deimhnithe IMA 1 a eisiúint ina leith le haghaidh na cuótabhliana sin.

Na cainníochtaí uile a thabharfar ar aghaidh ón gcuótabhliain ina dhiaidh sin ar cuireadh deimhniú nó deimhnithe IMA 1 ar ceal ina leith, cuirfear ar ais iad leis na cainníochtaí a bhféadfar deimhnithe IMA 1 a eisiúint ina leith le haghaidh na cuótabhliana sin.

A6 — **RIALACHA MAIDIR LE DEIMHNITHE IMA 1 A LÍONADH ISTEACH**

Chomh maith le boscaí 1, 2, 4, 5, 9, 17 agus 18 de dheimhniú IMA 1, ní mór na boscaí seo a leanas a líonadh isteach:

(a) a mhéid a bhaineann le cáiseanna Céadair de thionscnamh na hAstráile a thagann faoi chuimsiú chód AC ex 0406 90 21 agus a liostaítear faoi tharaif-chuóta dar sraithuimhir 09.4521:

— bosca 7, trí 'cáiseanna Céadair iomlána' a shonrú;

— bosca 10, trí 'bainne bó a tháirgtear go heisiach sa bhaile' a shonrú;

— bosca 11, trí '50 % ar a laghad' a shonrú;

— bosca 14, trí '3 mhí ar a laghad' a shonrú;

— bosca 16, tríd an tréimhse a mbeidh an cuóta bailí lena haghaidh a shonrú;

(b) a mhéid a bhaineann le cáiseanna a bheartaítear lena bpróiseáil a thagann faoi chuimsiú chód AC 0406 90 01 agus a liostaítear faoi tharaif-chuóta dar sraithuimhir 09.4522:

— bosca 10, trí 'bainne bó a tháirgtear go heisiach sa bhaile' a shonrú;

— bosca 16, tríd an tréimhse a mbeidh an cuóta bailí lena haghaidh a shonrú.

A7 — **COMHLACHTAÍ EISIÚNA LE hAGHAIDH DEIMHNITHE IMA 1**

Tríú tír	Cód AC agus tuairisc ar an táirge		Comhlacht eisiúna	
			Ainm	Suíomh
an Astráil	0406 90 01 0406 90 21	Céadar agus cáis eile lena próiseáil Céadar	Seirbhís Cigireachta Coraintín na hAstráile An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Foraoiseachta	Bosca PO 60 An tIonad Trádála Domhanda Melbourne VIC 3005 an Astráil Teil.: +61 392 46 67 10 Facs: +61 392 46 68 00
an Nua-Shéalainn	0405 10 0406	Im Cáis agus gruth	An Aireacht um Príomhthionscail	Pastoral House 25 The Terrace Bosca PO 2526 Wellington 6140 an Nua-Shéalainn Teil. +64 4 830 1574 www.mpi.govt.nz'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid B1:

'B1 — **Cuótaí arna n-oscailt ag na Stáit Aontaithe a shainaithint**

Sainaithint an ghrúpa i gcomhréir le Nótaí Breise i gCaibidil 4 de Sceideal Comhchuibhithe Taraife na Stát Aontaithe		Sainaithint cuótaí	Cainníocht bhliantúil atá ar fáil
Uimhir an ghrúpa	Tuairisc ar an ngrúpa		kg
(1)	(2)	(3)	(4)
16	Ní fhoráiltear go sonrach maidir leis (NSPF)	16-Tóiceo	835 707
		16-Uragua	3 168 576
17	Cáis ghorm	17-Uragua	347 078
18	Céadar	18-Uragua	333 515
20	Edam/Gouda	20-Uragua	1 100 000
21	Cineál na hIodáile	21-Uragua	2 025 000
22	Cáis Eilvéiseach nó Emmenthaler ach amháin cáis Eilvéiseach nó Emmenthaler phoillíneach	22-Tóiceo	393 006
		22-Uragua	380 000
25	Cáis Eilvéiseach nó Emmenthaler phoillíneach	25-Tóiceo	4 003 172
		16-Uragua	2 420 000'